ÁR DTÍR FÉIN

MEAṪ

Ba briseaḋ tubaisteaċ Cionn tSáile agus Conraḋ Melefont, nuair a fágaḋ na Gaeil gan triath aċ Dia na Glóire.

Scriosaḋ na ríoċtaí, agus cuireaḋ dlí Ṡasana i bfeiḋm ar fud na hÉireann uile, agus cuṁaċt Rí agus Arm Ṡasana ós cionn na dtaoiseaċ go léir. Déanta na fírinne, cuireaḋ deireaḋ leis na Taoisí ar fad, aċ an méid acu ar bronnaḋ tiodal Gallda orṫa.

Cé gur fágaḋ cuid de na min-taoisí faoi tiodail Ṡasanaċa.

Aċ. daċad bliain ní ba ṁoille, le linn plandáil Ċromaill, scriosaḋ na mion-taoisí ċoṁ maiṫ. Scriosaḋ cónaċas uile na nGael, agus an méid acu a d'fan sa tír, brúaḋ síos iad ċoṁ h-íseal leis na h-oibriṫe féin iad. Bí an sean ċónaċas agus an ċuid is mó den sean ċultúr millte ar fad, aċ amáin an méid de a ċuaiġ síos i gcuid-caċta na n-Uasal, agus a ṁair ó ṡin i ngnáċ ṗobal na tíre.

Mar sin de, ní raiḃ duine ar biṫ le patrúnaċt a ḋéanaṁ ar Oiliúna nó ar Ḃáird nó ar geineálaċ nó scríbneoireaċt de ċineál ar biṫ. ...Agus d'isliġ na hOllúna agus na Fílí agus na Báird. go dtí na Bacaí agus na cláirseoirí taistil. San am ċéanna, seo é an t-am a raiḃ an ċlódóireaċt taréis aṫrú agus múinteaċt a ḋéanaṁ ar ċúrsaí an duine ar fud na hEoraipe. Agus ar ċúrsaí teangaċa, níos mó ná rud ar biṫ eile. Nó ṫug an ċlódóireaċt, seans leabraí a beiṫ i bfad níos fairsinge agus mar sin de, ṫug sé seans do na daoine coiteann leabraí a ḟáil, agus ṫug sé spreagaḋ an mór le... léaṁ agus scríoḃaḋ a beiṫ ag na gnáċ daoine. Aċ, ní raiḃ faill ag na daoine Laidin a ḟoġlaim tré ċúrsa fada scolaíoċta. Agus mar sin de, spreag an ċlodóireaċt leabraí insan ġnáṫeanga, agus ṫosaiġ na leabraí sin ag teaċt amaċ in gnáċ ṫeangaċa iarṫar na hEiraipe faoi an am seo. Aċ, ba é an buille tubaisteaċ é, go raiḃ an Ġaeilge, an teanga a bí i gcónaí abálta a cuid féin a ċoinneáil i gcoinniḃ na Laidine, go raiḃ sí anois buailte sa ċeann sa ṁéid naċ raiḃ Taoiseaċ ar biṫ. nó cónaċas ar biṫ nó údarás nó stát ar biṫ le clódóireaċt a ċur ar siúl innti, aċ amáin sa ṁéid go raiḃ an Stát Gallda ag iarraiḋ leabraí Creidiṁ a ċur amaċ a ḃrisfeaḋ sean Ċreideaṁ na nGael, agus go raiḃ na Sagairt agus na h-Oird Rialta ag clóbuaileaḋ leabraí Gaeilge i gColáistí na nGael, ṫar lear.

Taoḃ amuiġ de sin, bí litríoċt na Gaeilge buailte sa ċeann, sa ṁéid agus go raiḃ an sean ṗatrúnaċt a ċoinniġ an saoiṫiúlaċt beo, glanta as casán. agus naċ raiḃ acṁuin ar biṫ ag na hÉireannaí úsáid a baint as an tacaíoċt úr—an ċlodóireaċt don litríoċt.

Mar sin de, san tréiṁse a ṫosnaíonn le 1650 bí meaṫ indiaiḋ a ċéile ag teaċt ar gaċ cineál scríbneoireaċt insan Ġaeilge—meaṫ a lean ar feaḋ 250 bliain, agus a d'fág ceann dena faḃbanna ba ṁó roiṁ muinntir na h-aṫbeoċána, nuair a tosnaíoḋ ar an aṫbeoċaint.

Saoṫar an Ġúm

Ba boċt do na léiṫeoirí a beaḋ ina ṁuinín

Is brónaċ agus is suaraċ an scéal atá le léaṁ faoi ċuntas Brainse na bFoilseaċán. Foilsíoḋ 10 leabar nua le linn na bliana. Úrscéalaíoċt a bí in 3 cinn acu; drámaí ab' ea trí cinn; ábhar léiṫeoireaċta do ḋéagóirí a bí i dtí cinn agus scéal do ṗáistí a bí sa ċeann eile.

Saoṫar bunaiġ a bí ionnta go léir. Aċ, naċ olc a beaḋ an Gaeilgeoir boċt fágṫa a beaḋ i muinín a leiṫéid sin do ábar léiṫeoireaċta ar feaḋ na bliana.

Insan am, bí 17 leabar agus 8 bpíosaí ceoil idir láṁaiḃ ag na clódóirí ag deireaḋ na bliana. Arna leabair sin, bí leabar na nUrnaí Coiteann — leagann Gaeilge ar an Book of Common Prayer, atátar lena ḟoilsiú do Ċumann Gaelaċ Eaglais na hÉireann.

Le linn na bliana. glacaḋ lena bfoilsiú le 4 bun-leabar — Cnuasaċt Gearrscéalta; dá ḋráma, agus leabar ar ċrainn dúċasaċa na hÉireann.

Bfuil ábar misniġ ar biṫ, nó ábar dóċais ar biṫ fá ċoinne léiṫeoireaċt na Gaeilge san am atá le teaċt?

Cuireaḋ 18 scríbinn leabar; 17 bun-scríbinn agus aistriú amáin, faoi bráid Brainse na bFoilsiúċán i riṫ na bliana.

Foilsíoḋ freisin, adeirtear, leabrán téarmaí a baineas le tráċtáil, le tíreolaíoċt. stair, doċtúireaċt, litríoċt, gramadaċ, ceol agus cluiċíoċt. Agus mar focal scoir ag na bun deirtear:—

"Tá glaoċ seasṁaċ ar ḃunus na bfoilsiúċán."

Aċ. má tá, cé'n fáṫ go bfuil 10 sa bliain á ċur ar fáil in ionad an cúpla céad nó cúpla míle a beaḋ ag taistil?

Sin ceist sé-ṁarc don té abálta í a freagairt.

Tríd is tríd. níl mórán in tuarascáil Roinn an Oideaċais, aċ ċuile rud mar do bí, agus ó ṫaoḃ na Gaeilge de, agus go h-áiṫrid Foilsiúċán na Gaeilge, is beag dóċais atá ann go bfuil Brainse na bFoilsiúċán ag freastal do ṗobal léiṫeoirí na Gaeilge ar ċor ar biṫ.

Feile Rince

Tá lúṫáir ar ḃunaḋ Dún na nGall. go mbeiḋ Féile Rinnce na hÉireann i mBéal Áṫa Seanaiġ, an bliain seo ċugainn, agus tátar ag ullṁú fá ċoinne ócáid mór ar fad a ḋéanaṁ dó.

Bánú na Tuaiṫe — Faḃb Pleanála

(ar lean.)

Ċuireadar báid-iascaireaċta ar fáil ar na h-aiḃneaċa agus ar na loċa in aice an ḃaile; tógaḋ fotain dos na h-iascairí, deineaḋ léarscáilte den ċeanntair mar ṫreoir do'n ċuairteoir a mbéaḋ spéis aige i siṡlóidí-sléiḃe, san ársaíoċt nó sa liubeolíoċt. Tá raṫ ar an mbaile-beag seo i riṫ an tsaṁraiḋ pé scéal é. Tagann breis cuairteoirí gaċ bliain mar tá cáil na h-áiṫe ag leaṫaḋ. Áṫnuítear anois é mar ionad fíoroiriúnaċ do ṡaoire ciúin imeasc luċt-tuaiṫe a bfuil féile ná nGael ó ḋúċas ionnta, daoine atá bródúil freisin as a n-oiġreaċt sinnsearaċ (cé naċ Gaeltaċt an áit le fada). Na scoraíoċt ann a bíonn acu ina dtiṫe. mar a cloiseann stróinséirí don ċéad uair ceoil agus aṁráin na hÉireann, is mealladh speisialta iad don ċuairteoir. Mar a dúramar ċeana ní ḃéaḋ sé ionṁolta do ṗobal ar biṫ braṫ ar ċuairtíoċt go h-iomlán le h-aġaiḋ sliḃeaṫa. Agus ainneoin a feaḃas is a d'éiriġ le Inse Ġeiṁleaċ sa scéim seo, teastaíonn beart níos mó, beart a ḋéanfaḋ an talṁaíoċt a ḟorbairt agus a ċur ar a ḃonnaiḃ go daingean, beart a mbéaḋ tionsceal áitiúl coṁgaraċ don áit mar ċuid de. Aċ measaim gur fiú tagairt faoi leiṫ a ḋéanaṁ do'n ḟorbairt atá déanta ċeana féin in Inse Ġeiṁleaċ, mar léiríonn sé go bfuil spiorad do-ċloite go fóill i bpobal Iarṫair Ċorcaí, spiorad naċ féidir rud ar biṫ fónta a ṫaḃairt i gcríċ ina éamuis. Toisc an sagas céanna duine a beiṫ in gaċ cuid den limistéir seo creidim gur féidir aiṫris a ḋéanaṁ ar Inse Geiṁleaċ áit ar biṫ ann.

An féidir sin a rá faoi Iarṫar na hÉireann ar fad? Is dóiġ liom gur féidir, cé go mbeiḋ deacraċtaí faoi leiṫ in áiteanna ina bfuil an milieu an-lag ar ċúis amáin nó ar ċúis eile, mar ṡompla, an óige go léir a beiṫ bailiṫe leo, nó "dole-complex." Tá áiteanna, áfaċ, in gaċ cuid den Iarṫar a bfuilim cinnte de go bfuil teaċt-aniar láidir ionnta. I dTír Ċonaill tá milieu láidir go fóill in Gaoṫ Doḃair mar-ainneoin na h-imirce — tá pobal dlúṫ go fóill ann, agus cuid mór daoine óga ag fáil meán-oideaċais (i Scoil a tógadar féin). Freisin, tá cinnireaċt láidir le fáil do ġaċ scéim feaḃsuiṫe ó ḋaoine san áit féin. Sompla eile de neart spioraid na h-áite ċoṁ láidir is atá drámaíoċt Gaeilge ann. Ó ḋeas uaiḋ sin tá Gleann Ċolmcille, áit álainn scéirdúil ina bfuil aṫrú mioRúilteaċ tugṫa i gcríċ ag na daoine féin faoi ċeannas an Aṫ. Mac Duiḃir. Is ar an dtalṁaíoċt ṫar aon rud eile a leagadar béim annseo, agus is sa ċoṁarIoċt a ċuireadar a muinín. Le caḃair ó'n dtaoḃ amuiġ (Cóluċt Siúicre Éireann), tá éiriṫe leo a dteaċt isteaċ a méadú ó'n dtalaṁ, agus freisin tá cailíní agus buaċaillí fostuiṫe sa tsráid-ḃaile sa ṁonarca nua bíḋ, a béaḋ in Albain anois sa gnáṫ-slí.

I gConnaċta tá cinnirí áitiúla in Oirṫear Ṁuiġeo, tá speac go leór i bpobal Ros Duṁaċ mar táid taréis troid a ċur suas leis an Rialtas le haġaiḋ bóiṫre níos fearr agus táid taréis meán-scoil dá gcuid féin a ḃunú le caḃair ó Ġael-Linn. Níl cinnirí áitiúla ceapaim, sa ċuid eile de Ċonnaċt aċ amáin i gCois Farraige, áit a bfuil fir mar an tAṫ. Taḋg Ó Móráin ⁊ Seán Ó Congaile ar a ndíċeall.

Is áit é Ciarraí a bfuil cliú ar na daoine de ḃarr intleaċta agus sin tuillte go maiṫ acu. Ina ḋiaiḋ sin níl cinnirí éifeaċta ann nó gluaiseaċt ar biṫ de na daoine féin mar atá in Gleann Ċolmcille cuirim i gcás. An ċuid is fearr de ḟir is mná Ċiarraí táid ina gcónaí taoḃ amuiġ dá gcontae féin ag múineaḋ scoile nó sa Stát-Ṡeirḃís, nó ṫar lear.

Tríd is tríd, mar sin féin, nílim éadóċasaċ faoi aon ċuid den Iarṫar agus fiú amáin anois tá coṁarṫaí láidre dóċais in áiteanna áiriṫe, agus gan aon gluaiseaċt aiṫbeoċána mar atá molta agam tosnuiṫe ionnta go fóill.

Nótaí:

(24) Local Government (Planning and Development Act), 1963.
(25) The Future of Rural Ireland. Dr. J. Newman.

5.—Aṫċuimre

Tá scrúdú déanta anois againn ar ċeist bánuiṫe na tuaiṫe in Éirinn agus i dtíorṫa iasaċta. Is léir gur galar doṁanda é agus go mbeiḋ cuid ṁór le fóluim againn i gcónaí ó ṫíorṫa seacas ár dtír féin.

Creidim gur féidir príoṁ-ċeaċtanna ár scrúdaiṫe a liostáil mar leanas:

(Leanfar de)

Céim beag bídeaċ idtreo aṫ aontú

RISTEARD Ó GLAISNE

Níor tharla a leithéid ar an bhaile riamh cheana, dúirt an "Longford Leader"—eaglaiseach Protastúnach dul chun Aifreann na Gine oíche Nollag.

An rud a bhí i gceist, go raibh an ministéir Módhach i Longfort, an tUrr. J .A. West in áiléar an Chóir i dteannta na coda eile san Ardeaglais an oíche úd.

Tríd an dúil mhór atá aige san cheol agus an caradas atá aige leis an Athair J. Maccauley sagart cúnta, agus T. Devine, orgánaí na hArdeaglaise, thit sé seo amach, dúirt an páipéar. Is amhlaidh a bhí an tUrr. West i láthair agus an Cór ag cleachtadh don Nollaig, agus fiafríodh de ar mhaith leis teacht go dtí Aifreann na Gine. Ghlac sé leis an chuireadh go fonnmhar.

Thug sé ardmholadh don chór agus d'fhear a n-oiliúna agus é ag caint le tuairisceoir an pháipéir agus b'aoibhinn leis ceol an Aifrinn.

D'fhéadfaí a rá gurb é an Pápa Eoin ba bhun leis an chuairt seo aige ar an tsearmannas, dúirt sé. "Chuir seisean athrú ar fad ar an atmasfaer a bhain leis an ghaol a bhí idir na heaglaisí éagsúla. Thug an t-uachtarán s' againne cuairt ar an Phápa, agus ar filleadh dó labhair sé linn faoin dóigh bhráithriúil ar cuireadh fáilte roimhe. Chuaigh an tslí ar ghlac an Pápa leis go mór faoina chroí."

Dúirt an ministéir go raibh cuid mhaith den tsean-fhaltanas ag dul in éag, agus go bhfásfadh tuiscint níos mó idir Eaglaisí de réir a chéile, ach go mbeadh an bóthar chun na hAontachta ar chuir an Pápa Eoin tús leis, fada agus achrannach. An rud ba mhaith leis féin a fheiceáil, grúpaí as na hEaglaisí éagsúla a bheith ag teacht le chéile chun cúrsaí creidimh a phlé; d'fhágfadh sin tuiscint níos mó acu go léir dá chéile, agus dar leis go mba "céim bheag bhídeach i dtreo ath-aontú na Críostíochta", rud a shamhlaigh an Pápa Eoin, é.

Anois, b'fhearúil an chaint é sin uaidh. Ach tá aithne agam ar West le blianta fada, agus is maith an mianach atá ann.

Fear ciúin atá ann, fear smaointeach spioradálta — cineál de mhisteach, shílfeá uaireanta. I mBéal Feirste a rugadh é breis éigin 's leathchéad bliain ó shin, ach is i ndeiscirt na tíre atá cuid mhaith dá shaol caite aige— ó Bhaile Atha Cliath a tháinig sé go Baile an Longfoirt bliain go leith ó shin. Thug sé ceithre bliana déag thar lear, san Innia agus san Ghearmáin. Pianadóir agus orgánaí oilte é, agus breitheamh maith ar aon ní a bhaineann leis an cheol.

Ar ndóigh is fíor dó go bhfuil níos mó báidhe ag Críostaithe lena chéile ná bhíodh. Bhí áit-eanna áirithe in Eirinn ar chan Caitlicigh Rómhánacha agus Protastúnaigh cearúill i bhfochair a chéile an Nollaig seo caite. Ní hé nach dtuigeann West agus a leithéid na deacrachtaí, ach ní chloíonn siad ar fad iad.

TÍR NA NÓG

Coláiste Cróna

Ára Mór, Tírċonaill

CÚRSAÍ 30/6/65——24/7/65
27/7/65——20/8/65

Clár le fáil 1-1-1965.

Áiteaċa in áiriṫe ó'n 1-1-1965.

Gaċ eolas ó'n rúnaí,

Coláiste Cróna, Ára Mór;

nó

Amáraċ, Ceanannus Mór.